



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Eanáir 2023
(OR. en)

5562/23

AGRILEG 11
PESTICIDE 4

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	17 Eanáir 2023
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D085455/02
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear larscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh brómapróipióláite, clóradasóin, feanprópamoirph, iomasacuine agus tralcocsaidime i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D085455/02.

Faoi iamh: D085455/02



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
SANTE/10644/2021
(POOL/E4/2021/10644/10644-EN.docx)
D085455/02
[...] (2022) **XXX** draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE)
Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le
huasleibhéil iarmhar le haghaidh brómapróipióláite, clóradasóin, feanprópamoirph,
iomasacuine agus tralcocsaidime i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh brómapróipiolaíte, clóradasóin, feanprópamoirph, iomasacuine agus tralcocsaídime i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás clóradasóin, feanprópamoirf agus tralcocsaídime, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás brómapróipiolaíte, leagadh síos MRLanna in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, de réir an táirge. I gcás iomasacuine, leagadh MRLanna síos i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (2) Níor formheasadh brómapróipiolaít mar shubstaint ghníomhach i dtáirgí cosanta plandaí riamh san Aontas. Bunaítear MRLanna le haghaidh na substainte sin ag an teorainn chinnidh (LOD). Dá bhrí sin, ba cheart iad a aistriú chuig Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (3) Chuaigh formheasanna na substaintí gníomhaíocha clóradasón agus iomasacuín in éag an 31 Nollaig 2018; chuaigh formheasanna feanprópamoirf agus tralcocsaídime in éag an 30 Aibreán 2019².
- (4) Cúlghaireadh na húdaruithe uile atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí gníomhacha clóradasón, feanprópamorph, iomasacuín agus tralcocsaídime. Na MRLanna atá ann cheana agus a leagtar amach le haghaidh na substaintí gníomhacha sin in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) agus (2) de. Is féidir roinnt MRLanna a choinneáil ar bun, go háirithe na MRLanna sin atá bunaithe ar iarraidh lamháiltais allmhairiúcháin atá sábháilte do thomhaltóirí agus na MRLanna sin atá

¹ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

bunaithe ar uasteorainneacha iarmhar maidir le Codex Alimentarius ('CXLanna') nár bunaíodh ar bhonn úsáidí de chuid an Aontais atá imithe i léig agus atá sábháilte do thomhaltóirí.

- (5) Comhfhreagraíonn an MRL le haghaidh feanprópamoirph i mbananaí le hiarraidh lamháiltais allmhairiúcháin ó Veiniséala agus tá sé sábháilte do thomhaltóirí³. Na MRLanna le haghaidh feanprópamoirph in eorna, i gcoirce, i seagal, i gcruthneacht, i bhfréamhacha biatas siúcra, sna fíocháin uile ó mhamaigh agus i mbainne, comhfhreagraíonn siad le CXLanna atá sábháilte do thomhaltóirí⁴. Ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ag na leibhéil atá ann cheana de réir Airteagal 3(2), pointe (g) agus Airteagal 14(2), pointí (a), (c) agus (e) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Maidir le gach táirge eile, is iomchuí na MRLanna a leagtar amach le haghaidh feanprópamoirph in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a íslíú go dtí an LOD i gcomhréir le hAirteagal 14(1) pointe (a) i gcomhar le hAirteagal 17 den Rialachán sin.
- (6) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin LODanna ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach le haghaidh na substaintí agus na dtáirgí uile.
- (7) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (9) Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo i gcás táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir ar bun.
- (10) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

³ *Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels (MRLs) for fenpropimorph according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) atá ann cheana i gcás feanprópamoirph de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2015;13(3):4050.

⁴ *Scientific and technical support for preparing a EU position in the 50th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch agus theicniúil chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 50ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2018;16(7):5306.

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta 6 mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta 6 mhí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN